# SCÉIM CHUN MEASÚNUITHE SÍCEOLAÍOCHTA A ORDÚ (SCPA)

# Treoirlínte do Scoileanna – 2023 - 2024

**Cuspóir na Scéime**

Soláthraíonn an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO)/an Roinn Oideachais agus Scileanna (RO) an Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú (SCPA) chun cabhrú le seirbhís síceolaíochta a sholáthar do na scoileanna go léir. Soláthraíonn an Scéim maoiniú do scoileanna chun measúnuithe síceolaíochta aonair a ordú do scoláirí ó shíceolaithe atá ag obair go príobháideach.

Ní thagann an scéim in ionad na seirbhíse iomláine síceolaíochta oideachais den chineál a sholáthraíonn SNSO/RO. Is beart eatramhach é a bhfuil sé mar chuspóir aige cur le seirbhís SNSO agus freastal ar na riachtanais phráinneacha atá ann faoi láthair i dtaca le measúnú síceolaíochta a dhéanamh ar leanaí agus ar dhaoine óga. Déanann SNSO/RO athbhreithniú ar fheidhmiú na scéime ar bhonn leanúnach.

**Téarmaí agus Coinníollacha**

Feidhmíonn scéim SCPA 2023-2024 idir 1 Meán Fómhair 2023 agus 30 Meitheamh 2024.

Tá scoileanna freagrach as síceolaithe a ordú chun measúnuithe a dhéanamh faoin scéim. Ní féidir le scoileanna ach síceolaithe atá ar phainéal *reatha* SCPA a ordú.

De ghnáth, déanfar ordú measúnuithe síceolaíochta ag scoileanna, faoin SCPA, a chomhaontú agus a shocrú i gcomhar leis an síceolaí de chuid SNSO a chuireann seirbhís ar fáil don scoil. I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí a cheadú do scoileanna a chailleann seirbhís síceolaí SNSO go sealadach, roinnt measúnuithe a ordú i rith asláithreacht an tsíceolaí, má fhaightear ceadú i scríbhinn ó Stiúrthóir Réigiúnach áitiúil SNSO.

Caithfidh síceolaí, a bhfuil a (h)ainm ar phainéal reatha SCPA, measúnú síceolaíochta aonair a dhéanamh ina iomláine, ar fad agus go heisiach.

Níl ceaduithe SCPA bailí ach don bhliain ina n-eisítear iad i.e. Idir mí Mheán Fómhair agus mí an Mheithimh agus ní fhéadfar iad a thabhairt ar aghaidh go dtí bliain nua.

Táthar ag súil go gcuirfidh na síceolaithe go léir ar an bpainéal líon nach mó ná 180 measúnú i gcrích i scoilbhliain agus go gcuirfidh siad líon nach lú ná trí mheasúnú i gcrích gach bliain. Má chuireann síceolaí níos lú ná trí mheasúnú i gcrích i mbliain, agus má bhíonn SNSO ar an eolas nach raibh an síceolaí ar fáil chun measúnuithe a dhéanamh, d'fhéadfadh sé nach n-iarrfaí ar an síceolaí a b(h)allraíocht ar an bpainéal a athnuachan an bhliain dár gcionn.

Ní mór íocaíochta i leith measúnuithe a dhéantar faoin scéim a dhéanamh as cistí SCPA agus as na cistí sin amháin. Ní fhéadfaidh síceolaithe a ghlacann le horduithe faoin scéim íocaíocht a lorg ná glacadh le híocaíocht ó fhoinse ar bith eile i dtaca leis na horduithe sin agus beidh orthu a dheimhniú nach ndearna siad é sin mar choinníoll a bhaineann le híocaíocht a fháil. Má lorgaítear íocaíocht nó má ghlactar le híocaíocht ó fhoinse ar bith eile maidir le measúnú faoin scéim, beidh sé sin mar fhoras chun an duine a bhaint de phainéal SCPA.

Ní fhéadfar sonraí pearsanta an dalta aonair, ar sonraí iad a bailíodh ar mhaithe le measúnú SCPA, a úsáid chun críche ar bith seachas reáchtáil an mheasúnaithe sin.

Ní mór do scoileanna agus do shíceolaithe cloí leis na nósanna a mholtar, mar atá leagtha síos ag SNSO/RO.

Ní mór do shíceolaithe SPCA oibriú laistigh dá réimsí inniúlachta, coinneáil suas le forbairtí ábhartha agus polasaí SNSO/RO a chomhlíonadh i gcónaí.

## De ghnáth, beidh na nithe seo a leanas i gceist le próiseas measúnaithe SPCA:

### A. Scoláirí a Roghnú do Mheasúnú Síceolaíochta Aonair

Cuirfidh roghnú daltaí don mheasúnú faoin scéim san áireamh (ag leibhéal na bunscoile) an doiciméad "Riachtanais Speisialta Oideachais – Contanam Tacaíochta – Treoirlínte do Mhúinteoirí" de chuid SNSO/RO nó (ag leibhéal na hiar-bhunscoile) an doiciméad dar teideal "Contanam Tacaíochta d'Iar-bhunscoileanna – Treoirlínte do Mhúinteoirí". Cliceáil ar an nasc seo a leanas chun rochtain a fháil ar na doiciméid Contanam Tacaíochta SNSO.

Cuimsíonn an contanam tacaíochta a ndéantar cur síos air sna treoirlínte seo samhail den mheasúnú agus den idirghabháil ina bhfuil trí phróiseas scoilbhunaithe ar leith, ar féidir achoimre a dhéanamh orthu mar seo a leanas:

- Tacaíocht Seomra ranga (ag leibhéal na Bunscoile)/Tacaíocht do Chách (ag leibhéal na hIar-bhunscoile): próiseas doiciméadaithe de chosc, luath-idirghabháil agus sainaithint éifeachtach, comhordaithe go minic ag an múinteoir ranga agus arna dhéanamh laistigh den ghnáthsheomra ranga.

- Tacaíocht Scoile (ag leibhéal na Bunscoile)/Tacaíocht do Roinnt Daltaí (ag leibhéal na hIar-bhunscoile): próiseas measúnaithe agus idirghabhála, a thacaíonn le roinnt daltaí, go minic i ngrúpaí beaga, arna chomhordú de ghnáth ag múinteoir tacaíochta foghlama/acmhainne ag obair i gcomhar leis an múinteoir ranga nó ábhair.

- Tacaíocht Scoile Plus (ag leibhéal na Bunscoile)/Tacaíocht do Bheagán (ag leibhéal na Iar-bhunscoile): próiseas ina mbíonn tacaíochtaí níos aonaraí agus níos déine de ghnáth. Dearadh an leibhéal idirghabhála seo le freastal ar dhaltaí le riachtanais chasta agus/nó sheasta a meastar a ndul chun cinn a bheith easnamhach d'ainneoin idirghabhálacha a pleanáladh go cúramach ag na leibhéil roimhe sin.

De ghnáth, ní dhéanfar measúnú síceolaíochta faoin scéim seo a bhreithniú ach do dhalta a bhfuil a riachtanais ag leibhéal "Tacaíocht Scoile Plus" nó "Tacaíocht do Bheagán", mar a dhéantar cur síos air i dTreoirlínte don Chontanam Tacaíochta. Beidh tuismitheoirí go hiomlán ar an eolas cheana faoi imní maidir le dul chun cinn a linbh.

I bhformhór na gcásanna, déanfaidh príomhoide na scoile (nó múinteoir ainmnithe) i gcomhar leis an síceolaí de chuid SNSO atá nasctha leis an scoil roghnú deiridh ar an dalta do mheasúnú SCPA.

Nuair a dhéantar cinneadh, tabharfaidh an síceolaí de chuid SNSO Foirm Cheadaithe SCPA do phríomhoide na scoile (arna chóipeáil chuig riarthóir SCPA) ag údarú an mheasúnaithe.
I gcás nach bhfuil seirbhís SNSO díreach ag scoil go sealadach, mar shampla, mar gheall ar shaoire mháithreachais nó saoire bhreoiteachta, caithfidh an Stiúrthóir Réigiúnach áitiúil de chuid SNSO measúnuithe SCPA a cheadú (i scríbhinn).

### B. Comhairliúchán le Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Ba cheart dul i gcomhairle go hiomlán le tuismitheoirí/ caomhnóirí ag gach céim – roghnú, measúnú, aiseolas agus idirghabháil.

Más cosúil go bhfuil sin ábhartha, ba cheart tuismitheoirí a spreagadh le socruithe luatha a dhéanamh chun radharc agus éisteacht a linbh a thástáil agus/nó chun measúnuithe eile a dhéanamh le gairmithe sláinte ábhartha.

Riachtanas lánchinnte is ea toiliú i scríbhinn ó thuismitheoirí nó caomhnóirí dlíthiúla faoi théarmaí na scéime seo.

## C. Nósanna Imeachta Céim ar Chéim atá le leanúint ag Scoileanna maidir le Feidhmiú na Scéime

Déanfaidh príomhoidí scoileanna atá incháilithe chun leas a bhaint as an scéim na nithe seo a leanas:

1. Daltaí a roghnú óna dteastaíonn measúnú síceolaíochta aonair, mar a leagtar amach thuas.

2. Cruinniú foirmiúil a eagrú le tuismitheoirí nó caomhnóirí dlíthiúla an dalta, chun plé a dhéanamh ar na cúiseanna leis an measúnú agus chun míniú a thabhairt, de réir mar is gá, ar gach cuid den Fhoirm Thoilithe (Foirm 1), sula dtugtar cuireadh do na tuismitheoirí/caomhnóirí Foirm 1 a shíniú.

   I gcás go bhfuil caomhnóireacht dhlíthiúil ag an mbeirt tuismitheoirí/caomhnóirí, caithfidh an bheirt an Fhoirm Thoilithe a shíniú; má tá caomhnóireacht ag tuismitheoir/caomhnóir amháin, is leor an síniú sin ach caithfear an tuismitheoir/caomhnóir eile a chur ar an eolas faoin atreorú.

   <u>Riachtanas lánchinnte is ea toiliú i scríbhinn ó thuismitheoirí nó caomhnóirí dlíthiúla faoi théarmaí na scéime seo.</u>

   A chur in iúl go soiléir do na tuismitheoirí/caomhnóirí roimh ré go n-íocann SNSO/RO na táillí a bhaineann leis an measúnú a dhéantar faoin scéim seo ina n-iomláine.

3. I gcomhar leis na tuismitheoirí agus an t-ábhar á phlé go hiomlán leo, Foirm Atreoraithe (Foirm 2) don mheasúnú a chomhlánú.

4. Síceolaí ó phainéal reatha an SCPA a ordú chun na measúnuithe a dhéanamh. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an próiseas um ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána curtha i gcrích ag gach síceolaí ar phainéal SCPA agus nach féidir le scoileanna ach síceolaithe atá ar phainéal reatha SCPA a ordú.

   Déantar painéal reatha SCPA a uasdátú go rialta agus tá sé ar fáil i rannán SNSO de shuíomh gréasáin RO – cliceáil ar an nasc seo a leanas chun rochtain a fháil ar Phainéal reatha SCPA.

5. Dul i gcomhairle leis na tuismitheoirí/caomhnóirí faoin mbealach is fearr chun an dalta a réiteach don mheasúnú, agus a aois/haois á cur san áireamh. Bíonn roinnt daltaí níos compordaí má bhíonn a fhios acu céard a bheidh ag tarlú, agus beidh daltaí eile neirbhíseach má chuirtear ar an eolas roimh ré iad. Uaireanta, is maith le síceolaithe breathnú ar dhaltaí sa rang, agus sna cásanna sin is dóigh gur fearr gan an dalta a chur ar an eolas roimh ré.

6. Socrú a dhéanamh chun an measúnú a dhéanamh **<u>sa scoil, le linn uaireanta scoile</u>**[1]

---

[1] *I gcúinsí an-eisceachtúla, d'fhéadfaí cead a thabhairt do shíceolaí SCPA measúnú aonair a dhéanamh taobh amuigh d'áitreabh na scoile. Tar éis dul i gcomhairle le príomhoide na scoile i dtús báire, ba cheart do shíceolaí SCPA iarrataí den chineál sin a chur chuig bainisteoir SCPA, i scríbhinn, trí seachtaine, ar a laghad, roimh an dáta atá beartaithe don mheasúnú. Beidh cead i scríbhinn faighte ag príomhoide na scoile ó na tuismitheoirí/caomhnóirí chun go ndéanfaí an measúnú taobh amuigh den suíomh.*

*Ba cheart iarrataí a chur chuig scpa@education.gov.ie agus na cúiseanna nach féidir an measúnú a dhéanamh i scoil an dalta a shonrú mar aon le sonraí iomlána faoina bhfuil beartaithe mar mhalairt, lena n-áirítear conas a shocrófar aiseolas a thabhairt do na tuismitheoirí agus do mhúinteoir an dalta.*

*Déanfaidh bainisteoir SCPA gach iarraidh a bhreithniú de réir an cháis.*

Tabhair do d'aire: Tá SNSO/RO ag súil go dtógfaidh sé an chuid is mó de lá scoile measúnú a chur i gcrích faoin scéim seo.

7. Sonraí maidir leis an bPlean Tacaíochta Dalta don dalta a sholáthar don síceolaí de réir mar is cuí. Ba cheart torthaí tástálacha diagnóiseacha agus scagtha a chur ar fáil freisin ag an tús.

8. Socruithe do chruinnithe idir na tuismitheoirí/caomhnóirí, na múinteoirí agus an síceolaí a éascú.

9. Foirm Dheimhnithe um Chríochnú Measúnaithe (Foirm 3) a chomhlánú ag deireadh an phróisis - nuair atá tuairisc agus aiseolas curtha ar fáil. Le comhlánú Fhoirm 3 deimhnítear do SNSO gur cuireadh an measúnú i gcrích i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha na scéime, mar atá leagtha síos ag SNSO/RO.

10. Ní mór go gcinnteodh príomhoidí scoile agus síceolaithe go bhfuil sonraí an scoláire ar an tuairisc a sholáthraítear i gcomhréir leis na sonraí a sholáthraítear ar Fhoirm 3.

**11.** Seol an **Fhoirm Dheimhnithe um Chríochnú Measúnaithe (Foirm 3)** agus í comhlánaithe **agus cóip den tuairisc shíceolaíochta (priontáilte ar thaobh amháin) chuig:**

**Riarthóir SCPA, SNSO**
**An Roinn Oideachais agus Scileanna, Urlár 2,**
**Bloc 1**
**Sráid Mhaoilbhríde,**
**Baile Átha Cliath 1**

12. A chinntiú ina dhiaidh sin, go gcuireann an pearsanra ábhartha na moltaí sa tuarascáil síceolaíochta i bhfeidhm, agus cabhrú le tuismitheoirí, nuair is infheidhme, le hatreoruithe ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí eile.

**Táillí do Mheasúnuithe Síceolaíochta a Reáchtáiltear faoin Scéim**

Clúdaíonn RO/SNSO an íocaíocht iomlán do mheasúnuithe SCPA. Dá bhrí sin, níor cheart i gcás ar bith go ngearrfaí táille ar thuismitheoirí/chaomhnóirí ná ar scoileanna i leith measúnuithe a dhéantar faoin scéim.

**An Nós Imeachta le haghaidh Íocaíochta faoin Scéim**

Cuirfear tús leis an bpróiseas íocaíochta nuair a fhaigheann SNSO Foirm Dheimhnithe um Chríochnú Measúnaithe (Foirm 3) agus cóip den tuairisc shíceolaíochta ábhartha, maidir le gach measúnú aonair.

Ní mór go mbeadh Foirm 3 comhlánaithe go hiomlán agus í sínithe ag príomhoide na scoile agus ag an síceolaí agus ní mór go gcuirfeadh an príomhoide an bundoiciméad (ní cóip de) chuig SNSO, taobh istigh de thrí mhí féilire ó dháta an mheasúnaithe. Deimhneofar ar an bhfoirm seo go bhfuil téarmaí agus coinníollacha na scéime comhlíonta go hiomlán. Socróidh SNSO go ndéanfar íocaíocht go díreach leis an síceolaí.

**Tuilleadh Eolais**

Ba cheart ceisteanna a chur chuig SNSO i scríbhinn, ar ríomhphost chuig scpa@education.gov.ie nó ar an ngnáthphost chuig:

Bainisteoir SCPA
SNSO (an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais)
An Roinn Oideachais
An Dara hUrlár, an Sciathán Thiar
Foirgneamh Herbert, an Pháirc
Carraig Mhaighin, Baile Átha Cliath 18.
D18K 8Y4

Déanfar gach iarracht freagra a thabhairt ar cheisteanna chomh luath agus is féidir.

Ba cheart déileáil le gearáin ag an bpointe seirbhíse, idir príomhoide na scoile agus an síceolaí. Nuair a theipeann ar iarrachtaí neamhfhoirmiúla na deacrachtaí a réiteach, féadfaidh gearánaigh Nós Imeachta Gearán foirmiúil na Roinne Oideachais (RO) a ghairm, ar féidir é a íoslódáil ach an nasc seo a leanas a leanúint – Nós Imeachta Gearán.

**Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú (SCPA) Séanadh**

**Ginearálta**

Tá téarmaí agus coinníollacha na scéime faoi réir athbhreithniú leanúnach. D'fhéadfaí iad a athrú nó a uasdátú ag am ar bith le fógra nó gan fógra ón Aire Oideachais agus Scileanna.

Ní clár síceolaithe é painéal SCPA. Níor cheart ballraíocht ar an bpainéal a mheascadh suas le hincháilitheacht maidir le clárúchán reachtúil síceolaithe.

Nuair a ghlactar le síceolaí mar bhall den phainéal, níl SNSO/RO ag déanamh socrú conarthach ar bith leis an síceolaí. Ní fostaithe de chuid SNSO/RO iad síceolaithe SCPA.

Ní bhronnann ballraíocht ar phainéal SCPA aon chearta ar leith ar shíceolaithe agus ní sholáthraíonn sé aon dearbhú go bhfaighidh an síceolaí ordú chun tástálacha síceolaíochta a reáchtáil i scoileanna.

In aon bhliain ar leith, mura sonraítear a mhalairt, níl ballraíocht ar an bpainéal bailí ach amháin ó dháta an cheapacháin go dtí deireadh na scoilbhliana sin.

Coimeádann SNSO/RO an ceart acu féin síceolaí a bhaint de phainéal SCPA ag am ar bith. Féadfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna an scéim a scor ag am ar bith.

Ní comhlacht smachta do shíceolaithe atá in SNSO/RO. Baineann ábhair mar sin ó cheart le comhlacht gairmiúil an tsíceolaí.

**Naisc ghréasáin:**

**SCPA –Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú Treoirlínte agus Doiciméid Ábhartha**
https://www.gov.ie/en/service/5ef45c-neps/

**Nós Imeachta Gearán RO**
https://www.gov.ie/pdf/71632/?page=null

**Clár Ríomhfhoghlama um Thús Áite do Leanaí**
https://www.tusla.ie/children-first/children-first-e-learning-programme/

**An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) Acmhainní agus Foilseacháin:**

https://www.gov.ie/en/collection/97aa18-national-educational-psychological-service-neps-resources-and-public/

**Deacrachtaí Iompraíochta, Sóisialta agus Mothúchánacha (Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna):**

https://www.gov.ie/en/collection/97aa18-national-educational-psychological-service-neps-resources-and-public/

**Acmhainní Litearthachta:**

https://www.gov.ie/en/collection/97aa18-national-educational-psychological-service-neps-resources-and-public/

**Treoirlínte do Bhunscoileanna maidir le Díolúintí ó Staidéar ar an nGaeilge**

https://www.gov.ie/en/publication/7028e-exemptions-from-the-study-of-irish-guidelines-for-primary-schools/

**Cumann Síceolaíochta Éireann. (2022).** ***Treoirlínte PSI – Rúndacht agus Coimeád Taifead sa Chleachtas.*** **Baile Átha Cliath: Údar.**

https://www.psychologicalsociety.ie/footer/Guidelines-Policies--Papers

**Cumann Síceolaíochta Éireann. (2011).** ***Cód Eitice Gairmiúla.*** **Baile Átha Cliath: Údar.**

https://www.psychologicalsociety.ie/Article/Code-of-Ethics-1